Ionad na dTeangacha
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Teastas Eorpach na Gaeilge

Bonnleibhéal 2 (A2)

Scrúdú samplach

Scrúdú Cainte

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

An Scrúdú Cainte

Cártaí an Scrúdaitheora

Tá 35% de mharc iomlán an scrúdaithe ag dul don Scrúdú Cainte.
Tá trí chuid sa scrúdú:

CUID 1 3-4 nóiméad.

- ***An réamhchaint*** (gan marc ar bith)

Chun na hiarrthóirí a chur ar a suaimhneas.

Dia duit.
Dia is Muire duit.
Cad é mar atá tú?
An bhfuil tú go maith?
Cad is ainm duit?
Tá sé deas bualadh leat.
Tá lá breá ann, nach bhfuil?
Tá drochlá ann. / Tá sé fuar/te/fliuch.

- ***Ceisteanna sa scrúdú féin***

Déanfaidh an scrúdaitheoir ceisteanna a roghnú ó roinnt de na topaicí a clúdaíodh i Siollabas A1 agus Siollabas A2. Seo thíos samplaí de na cineálacha ceisteanna a chuirfear:

Cén tslí bheatha atá agat?
An dtaitníonn an post leat?
Conas a théann tú ag obair gach lá?
Cá bhfuil tú i do chónaí?
Cad iad na rudaí a thaitníonn leat faoin áit?
Céard a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat?
An bhfuil tú i do bhall d'aon chlub nó d'aon chumann?
An ndearna tú aon rud ag an deireadh seachtaine?
An ndéanann tú mórán taistil?
Cá bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire i mbliana?
An duine aclaí tú?
An maith leat bheith ag snámh?

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

CUID 2 *2-3 nóiméad*

Rólghníomhaíocht

Tabhair cárta 1 nó 2 don iarrthóir 5 nóiméad sula dtosóidh an scrúdú cainte. Tá dhá chárta ann ar fad (1) ***Cuntas ar dhuine*** agus (2) ***Laethanta saoire.*** Déan cinnte go bhfuil an cárta atá agatsa ag freagairt do chárta an iarrthóra.
Níor cheart do na hiarrthóirí scríobh ar na cártaí agus ***beidh ort na cártaí a bhailiú ag deireadh an scrúdaithe.***

**• • • •

Rólghníomhaíocht 2 ***Laethanta saoire***

- Tá eolas anseo faoi laethanta saoire a bhí ag an iarrthóir agus faoi laethanta saoire a bhí agatsa.
- Tosaigh thusa agus cuir ceisteanna ar an iarrthóir faoin tsaoire a bhí aige/aici. Féach an comhrá samplach thíos.
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, tabhair deis don iarrthóir ceisteanna a cur ortsa faoin tsaoire a bhí agatsa.

Cárta an iarrthóra

Laethanta saoire

Áit?	An Iodáil
Cén fhad?	Seachtain (Lúnasa)
Lóistín?	Árasán
Cé a bhí leat?	2 cara + deirfiúr
Rudaí a thaitin leat?	Bia…aimsir…
Rudaí a rinne sibh?	Siopaí…ceolchoirm…

Cárta an scrúdaitheora

Laethanta saoire

Áit?	Sasana (Londain)
Cén fhad?	Coicís (mí Iúil)
Lóistín?	Óstán
Cé a bhí leat?	2 mac + 1 iníon
Rudaí a thaitin leat?	Daoine…bialanna…
Rudaí a rinne sibh?	Amharclann…séipéil…

Comhrá samplach

S: An raibh tú ar laethanta saoire an bhliain seo caite?
I: Bhí. Bhí mé san Iodáil.
S: Ó, go deas. Cén fhad a bhí tú ansin?
I: Bhí mé ann ar feadh seachtaine i mí Lúnasa.
S: Agus ar fhan tú in óstán?
I: Níor fhan. Bhí árasán ar cíos againn.
S: Agus an raibh aon duine leat?
I: Bhí beirt chara agus mo dheirfiúr liom.
S: Inis dom, cad iad na rudaí a thaitin leat faoin tsaoire?
I: Bhuel, bhí an bia an-deas agus bhí an t-ádh orainn mar bhí an aimsir go hálainn an t-am ar fad.
S: Cad a rinne tú ansin?
I: Thaitin na siopaí go mór liom agus chuaigh mé ag siopadóireacht cúpla lá. Ansin chuaigh mé chuig ceolchoirm chlasaiceach oíche amháin agus bhí sé sin go hiontach ar fad.

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

CUID 3 2- 3 nóiméad

Cur síos ar shraith pictiúr

- Tabhair an bhileog ar a bhfuil na pictiúir do gach iarrthóir.
- Tabhair nóiméad amháin dóibh le breathnú ar na pictiúir sula ndeir tú leo: ‘Inis dom faoi laethanta saoire Aoife.’
- Má bhíonn deacracht acu le pictiúr ar bith, is féidir ceist a chur orthu faoin phictiúr sin nó an chéad phictiúr eile. Bain úsáid as ceist mar seo: ‘Agus céard atá ar siúl acu sa phictiúr seo?’

© *Ollscoil na hÉireann, Má Nuad*

An Scrúdú Cainte (Cuid 2)

Cárta an Iarrthóra

Rólghníomhaíocht 1* (*Cuntas ar dhuine)

- Seo thíos cur síos ar Aoife Ni Bhaoill, bhean a bhfuil aithne agat uirthi.
- Cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ort faoi Aoife. Freagair na ceisteanna sin.
- Tá cur síos ag an scrúdaitheoir ar fhear, Eoin Ó Dúill. Cuir thusa ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoi Eoin.

Aoife Ní Bhaoill

- Cuma: ard /dathúil
- Gruaig: gearr / catach
- Clann: 1 mac / 2 iníon
- Post: cuntasóir
- Áit oibre: comhlacht / Corcaigh
- Caitheamh aimsire: spórt (peil / galf)

----------✂----------

An Scrúdú Cainte (Cuid 2)

Cárta an Iarrthóra

Rólghníomhaíocht 2 (Laethanta saoire)

- Féach ar an eolas ar an chárta thíos.
- Cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ort mar gheall ar na laethanta saoire a bhí agat. Freagair na ceisteanna sin.
- Tá cárta eile ag an scrúdaitheoir faoi na laethanta saoire a bhí aigesean/aicise. Cuir thusa ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoi na laethanta saoire sin.

Laethanta saoire

Áit?	An Iodáil
Cén fhad?	Seachtain (Lúnasa)
Lóistín?	Árasán
Cé a bhí leat?	2 cara + deirfiúr
Rudaí a thaitin leat?	Bia…aimsir…
Rudaí a rinne sibh?	Siopaí…ceolchoirm…

© *Ollscoil na hÉireann, Má Nuad*

An Scrúdú Cainte (Cuid 3)

Laethanta saoire Aoife

Tá nóiméad amháin agat le féachaint ar na pictiúir thíos. Ansin, cuirfidh an scrúdaitheoir ceist ort 'Inis dom faoi laethanta saoire Aoife'.







© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad